Uimh R.I. 366 de 2005

Rialácháin Ainmneacha Gnó 2005

Ordaimse, Michael Ahern, Aire Stáit ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí tugtha don faoi Alt 17 den Acht um Chlárú Ainmneacha Gnó (Uimh. 30 de 1963) (mar atá glactha ag an Ordú Fiontair agus Fostaíochta (Athrú Aimn Roinne agus Theideal an Aire) 1997 (Uimh. I.R 305 de 1997) agus an tOrdú Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tarmligean na bhFeidhmeanna Aireachta) (Uimh. 2) 2004 (Uimh. I.R 808 de 2004), leis seo mar a leanas:

1. Is féidir na Rialacháin seo a ghairm mar na Rialácháin Ainmneacha Gnó 2005.

2. Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh ar 1 Meán Fómhair 2005.

3. Tá na Rialácháin Ainmneacha Gnó (Uimh. R.I 291 de 2002 leasaithe – (a) i Rialachán 5 trí "cholún 2 nó 3" a mhalartú do "cholún 2", agus (b) an méid a leanas a mhalartú do Sceideal 1:

"

SCEIDEAL 1

Rialachán 3(b)

Táillí

MÍR	**TÁILLE (comhdú páipéir)**	**TÁILLE (comhdú leictreonach)**
Soláthar ráiteas sonraí faoi alt 4 den Acht agus eisiúint dheimhniú cláraithe amháin	€40	€20
Faoi réir na heisceachta leagtha amach thíos, soláthar raitéas athraithe sna sonraí cláraithe faoi alt 7 den Acht agus eisiúint dheimhniú cláraithe amháin, nuair is cuí maidir le hathrú san ainm gnó Soláthar raitéas athraithe seolta den phríomhionad gnó cláraithe faoi alt 7 den Acht, agus eisiúint dheimhniú cláraithe amháin, nuair is cuí maidir le hathrú san aimn gnó	€15 €15	Neamhbhainteach ("N/A") Nil
Iniúchadh, faoi alt 16 den Acht, ar cháipéisí ar bith coinnithe ag an gcláraitheoir, cé acu i bhfoirm pháipéir nó leictreonach	€3.50 maidir le gach ceann d'iniúchadh den sórt sin	€3.50 de gach cóip neamhdheimhnithe nó sliocht
Faoi réir na heisceachta leagtha amach thíos, deimhniú cláraithe dhuine ar bith nó cóip dheimhnithe nó sliocht ó cháipéis ar bith eile Deimhniú cláraithe dhuine ar bith atá ceaptha d'úsáid na hearnála poiblí	€12 do gach deimhniú, cóip dheimhnithe nó sliocht, €12	N/A Náid
Cóip neamhdheimhnithe nó sliocht ó cháipéis ar bith nó páirt ar bith de cháipéis, cé acu i bhfoirm pháipéir nó leictreonach	€3.50 do gach cóip	€3.50 do gach cóip

	dheimhnithe nó sliocht	neamhdheimhnithe nó sliocht

Sa Sceideal seo ciallaíonn "comhdú leictreonach" sonraí a chuirtear isteach chuig Oifig Cláraithe na gCuideachtaí trí chóras comhdaithe foirmeacha leictreonaigh a úsáideann an cláraitheoir.

4. Tá na Rialacháin Ainmneacha Gnó 2003 (Uimh.R.I 188 de 2003) cúlghairmthe".

Tugtha faoi mo láimh,
11 Iúil 2005

_____
Michael Ahern
An tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Níl an nóta seo mar chuid den Ionstraim agus ní airbheartaíonn sé a bheith mar mhíniú dlíthiúil.)

Soláthraíonn an tOrdú seo lagdú i, nó dífheidhmiú de tháillí comhdaithe ina gcomhdaítear saincháipéisí áirithe go leictreonach le Cláraitheoir na nAinmneacha Gnó agus do mhéadú i dtáillí comhdaithe ina seachadtar cáipéisí i bhfoirm pháipéir chuig Chláraitheoir na gCuideachtaí.

Prn: A5/1146
Praghas: €0.76